An Roinn Oideachais & Eolaíchta
An Rannóg Párolla
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na Íarmhí

Payroll Division,
Dept. of Education & Science
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Circular Letter 0095/2008

# To the Management Authorities of Primary, Secondary, Community and Comprehensive Schools

## Travel Pass Scheme for Teachers and Special Needs Assistants (Tax Saver Commuter Tickets)

### 1. Introduction

The Minister for Education and Science wishes to inform management authorities, teachers and special needs assistants of Primary, Secondary, Community and Comprehensive Schools of the availability of the Travel Pass Scheme for teachers and special needs assistants for the 2009 Tax Year.

Legislation was introduced in the Finance Act 1999 which allowed an employer to incur the expense of providing an employee with an annual bus/rail pass, without the employee being liable for benefit-in-kind taxation. The Revenue Commissioners have agreed that the benefit-in-kind tax exemption will apply in the context of salary sacrifice, that is, where an employee agreed to forego or sacrifice part of his/her salary in lieu of the provision of the travel pass by the employer. The employee will not pay tax or PRSI on the remuneration sacrificed.

For the purpose of the Travel Pass Scheme, any reference to employer in this circular can be taken as a direct reference to the Department of Education and Science, as paymaster. Any reference to employee relates to the individual primary or second level teacher/special needs assistant.

### 2. Commencement of the 2009 scheme

The 2009 scheme will become operational for primary and second level teachers and special needs assistants on 1 January 2009.

### 3. Requirements of the scheme

Salary sacrifice by an employee in lieu of the provision of a travel pass by an employer will be acceptable to the Revenue Commissioners as being effective for tax purposes under the following conditions:

- There must be a bona fide and enforceable alteration to the terms and conditions of employment, i.e. exercising a choice of benefit instead of salary;
- The alteration must not be retrospective and must be evidenced in writing;
- There must be no entitlement to exchange the benefit for cash;
- The choice exercised (benefit instead of cash) cannot be made more frequently than once a year and then only with the consent of the employer.

## 4. Benefits for Employee and Employer

Because the non-taxable benefit replaces the salary foregone, the employee will not be liable to tax or PRSI on the cost of the travel pass provided by the employer.

The Travel Pass Scheme will underpin Government policy on the wider use of public transport.

## 5. Application For Travel Pass

Teachers/SNAs wishing to avail of the travel pass will be required to:

- complete an Application Form (Appendix 1) which outlines the options for annual tickets being offered by transport providers, and
- sign an Authorisation Form and familiarise themselves with the conditions governing the scheme (Appendix 2).

These forms can be downloaded directly from this Department's website, completed and forwarded to the address provided.

On receipt of completed Application and Authorisation Forms, the Department will place an order with transport providers for the issue of annual passes in respect of the teacher/SNA who opted to take up the scheme. The Department will then issue the pass to each teacher/SNA.

**It is important to note that the travel pass is issued to the applicant by registered post. It is therefore essential that the address supplied on the application form is the address where the applicant will be, in order to accept delivery. A school address should not be used for this purpose.**

**First time applicants** who do not already have a Photo I.D. card for the relevant transport company must obtain one.

An Irish Rail photo I.D. can be obtained by submitting either a digital photograph or a passport photograph, with your application form. The preferred method is a digital photograph on a C.D.

A Luas photo I.D. is only valid when signed and with a photograph affixed. It is available free of charge from Veolia Transport.

A C.I.E. Adult Photo Identity Card is available from Dublin Bus, 59 Upper O'Connell Street, Dublin 1. Your photo will be taken when you call to the office. There will be a charge of €3.00.

## 6. Closing date for receipt of applications

**The closing date for receipt of applications is Friday 7th November 2008.**
**This closing date will be strictly adhered to and no exceptions can be made.**

## 7. Dissemination of Information

Management authorities are requested to bring the contents of this Circular to the attention of all teachers and special needs assistants in their schools. This circular can be accessed on the Department of Education and Science web page: www.education.ie.

## 8. Queries

Queries regarding this Circular should be e-mailed to; TFC@education.gov.ie, or telephone the Department of Education and Science on 090 6483853/090 6483852

P. Maloney.
Principal Officer.

October 2008.

# Appendix 1

## Travel Pass Scheme
## Application Form

**To:** Travel Pass Scheme
Payroll Division
Department of Education and Science
Athlone
Co. Westmeath

**Teacher/SNA Personnel Details**

**Name:** ______________________________

**Address:** ______________________________

______________________________

The travel pass is issued by registered post and the address supplied should be the address where the applicant will be, in order to accept delivery. A school address should not be used for this purpose.

**Phone No.: (Home)** ____________ **Phone No.: (Work)** ____________

**School Roll No:** ____________

**PPS No.:** ***(as on payslip)***

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

**Payroll No.:** ***(as on payslip)***

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## Annual Ticket Choice

Prices below are as quoted from the Service Providers on 06th October 2008

**Please indicate your choice by ticking the relevant box provided.**

**A. Annual Bus Travelwide**
Offers unlimited travel for one year on all Dublin Bus services including Nitelink and Airlink (Ferry services and Tours excluded). **€980** ☐

**B. Annual Rail Outer Short Hop**
Offers unlimited travel for one year on all Dublin Suburban Rail, Arrow and DART services between Balbriggan, Kilcoole, Hazelhatch and Maynooth **€1030** ☐

**C. Annual Bus and Rail Short Hop**
Offers unlimited travel for one year on all Dublin Bus services, including Nitelink and Airlink (Ferry services and Tours excluded), and on Dublin Suburban Rail, Arrow and DART services between Balbriggan, Kilcoole, Hazelhatch and Maynooth **€1190** ☐

**D. Annual Bus & Luas** **€1130** ☐
Offers unlimited travel for one year on all Dublin Bus services, including Nitelink and Airlink (Ferry services and Tours excluded), and on Luas services between Sandyford & St. Stephens Green and Tallaght and Connolly Station

**E. Annual Rail & Luas** **€1435** ☐
Offers unlimited travel for one year on Dublin Suburban Rail, Arrow and Dart services between Balbriggan, Kilcoole, Hazelhatch & Maynooth and on Luas services between Sandyford & St. Stephens Green and Tallaght & Connolly Station

**F. Dart Commuter, Dublin Bus & Luas Annual Ticket** **€1750** ☐
Offers unlimited travel for one year on Dublin Suburban Rail, Arrow and Dart services between Balbriggan, Kilcoole, Hazelhatch & Maynooth and on Luas services between Sandyford & St. Stephens Green and Tallaght & Connolly Station and all Dublin Bus services, including Nitelink and Airlink (Ferry services and Tours excluded)

**G. Annual Commuter Rail & DART + Feeder Services NEW** **€1230** ☐
Offers unlimited travel for one year on all DART, and Commuter Rail services between Maynooth, Balbriggan, Kilcoole and Hazelhatch plus feeder bus services 90/92 and Luas between Heuston and Connolly station.

**H. Iarnród Ēireann Rail Point-to Point Annual Ticket** ☐

From: ______________________ To: ______________________ Amount: ________

(Please specify stations - Price will depend on the point to point travel involved)

Do you require Bus/Luas connection from Heuston Station to City Centre? Yes/No
(A supplement of €200 per annum applies for the Bus Route 90/92 or Luas connections between Heuston Station and the city centre. Amount: _________

**Total: ___________**

**Iarnród Ēireann All Services Ticket** ☐

Amount: __________

Do you require Bus/Luas connection from Heuston Station to City Centre? Yes/No
(A supplement of €200 per annum applies for the Bus Route 90/92 or Luas connections between Heuston Station and the city centre.) Amount: _________

**Total: ___________**

**I. Bus Éireann Point to Point Annual Ticket** ☐

From: ______________________ To: ______________________ Amount: ________
(Please specify locations - Price will depend on the point to point travel involved)

**J. Luas Only (please select 1, 2, 3 or 4 & write your chosen option in the box)** ☐

**(1) Luas Annual Green Line** **€670**
Offers unlimited travel from Sandyford to City Centre

**(2) Luas Annual Red 4 – Red 2** **€630**
Offers unlimited travel from Tallaght to Heuston
**(3) Luas Annual Red 3 – Central 1** **€630**
Offers unlimited travel from Red Cow to City Centre

**(4) Luas Annual Red & Green Lines** **€720**
Offers unlimited travel on both lines

**K. Other Annual Pass issued by an Approved Transport Provider** ☐
Name of provider: ________________________________
(approved transport provider)
From: ________________________ To: ________________________ Amount: _________

(Please specify locations - Price will depend on the point to point travel involved)

**Please opt for whichever ticket suits your needs and sign the Authorisation Form below after you have read and understood the conditions of the scheme.**

**The closing date for receipt of applications is Friday 7th November 2008.**
**This closing date will be strictly adhered to and no exceptions can be made.**

# Appendix 2

## Travel Pass Scheme
## Authorisation Form

In respect of Option________ above, I wish to sacrifice or forego the charge in respect of the cost of the above option from my annual salary in lieu of the provision of this annual travel pass from the Department of Education and Science/VEC. I realise that this arrangement will operate for a period of one year and that the salary sacrifice will be reflected in my pay slips over that period. I hereby undertake that in the event of my resigning, taking a career break or not being in a position to have a full 12 months deductions withheld from my salary that I agree to reimburse the Department of Education and Science/VEC the full difference between the cost of my Travel Pass and the amount of deductions already made.

**I have read and I agree to the conditions overleaf.**

**Signed:** ________________________

**Date:** ________________________

### Official Use Only

**Ticket No. Issued:** ________________________

**Travel Pass ID Number:** ____________________

## Travel Pass Scheme: Conditions

1. The teacher must be employed in a Permanent, Contract of Indefinite Duration (C.I.D), fixed term, or Regular Part Time capacity at the date of application. The special needs assistants must be employed in a Full Time or Part Time capacity at the date of application.

2. The teacher/special needs assistant must sacrifice or forego part of his/her annual basic salary in lieu of the provision of the annual travel pass by the Department. This arrangement will operate for a period of one year and the salary sacrifice will be reflected in his/her pay slips over that period.

3. In the event of a teacher/special needs assistant changing schools (but still being paid directly by the Department of Education and Science or the relevant VEC) the travel pass will transfer with the teacher/special needs assistant. In doing so, there will be no change to the terms and conditions of the scheme. However, if a teacher/special needs assistant avails of unpaid leave of absence, or ceases employment prior to the expiration of the one year period of participation in the Travel Pass Scheme, he/she must surrender his/her annual pass. The Department of Education and Science will then seek a refund from the transport provider for the unused part of the travel pass (a refund for a travel pass issued under the scheme will only be made to the Department).

   **Important Note**
   **Please note, it is not always possible to obtain this refund from the transport provider, and in such cases the employee will have to bear the full cost of the Annual Ticket. If this should occur, it will then be necessary for the Department of Education and Science to recover the balance due from the employee. (please refer to Circular: Pay 15/04: Policy and Procedures for dealing with Overpayment of Salary/Allowances)**

4. **The Department of Education and Science/VEC operates this scheme for teachers/special needs assistants on the basis of an annual option. Accordingly, the employee will not be able to cancel his or her participation in the scheme prior to the expiry of the one year period.**

5. The Department will accept no liability or responsibility in the case of lost or unused travel passes or in the case of any injury which the employee may incur while using the travel pass.

6. A teachers/special needs assistants lost travel pass may be replaced at a cost to him/her, per month remaining until the end of the year. This cost is determined by the transport provider.

7. The Department accepts no responsibility for misuse of travel passes by employees and asserts that each travel pass issued by virtue of this scheme is strictly non-transferable.

8. The scheme applies only to annual bus and rail passes issued by Iarnród Ēireann, Bus Ēireann, Dublin Bus, Connex and other approved transport providers. The Department of Transport will advise on approved transport providers.

9. The salary sacrifice will have no impact on pension contributions or on pension benefits, in accordance with the rules of the relevant superannuation scheme.

10. The salary sacrifice will have no impact on allowances normally calculated as a percentage of basic pay.

11. Teachers/special needs assistants who participate in the scheme will be included for one year. A new application will be required in respect of each subsequent year of participation.

12. The Revenue Commissioners' published article on the benefit-in-kind tax exempt Travel Pass Scheme is available for reference from the Department of Finance.

13. The travel pass is issued to the applicant by registered post and the address supplied on the application form should be the address where the applicant will be, in order to accept delivery. A school address should not be used for this purpose.

.

An Roinn Oideachais & Eolaíochta
An Rannóg Párolla
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na Íarmhí

Payroll Division,
Dept. of Education & Science
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Ciorclán 0095/2008

# Chuig Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

## Scéim Pas Taistil do Mhúinteoirí/ Cúntóirí Riachtanas Speisialta (Ticéid Chomaitéireachta Sábháilt Cánach)

### 1. Réamhrá

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta údaráis áitiúla Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha a chur ar an eolas maidir le tabhairt isteach na Scéime Pas Taistil do mhúinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta don bhliain cánach 2009.

Tugadh isteach reachtaíocht san Acht Airgeadais 1999 a cheadaigh d'fhostóir caiteachas a thabhú ó thaobh pas bus/iarnróid bliantúil a sholáthar d'fhostaí, gan cánachas sochair chomhchineála a bheith dlite ón bhfostaí. Tá sé comhaontaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh feidhm leis an díolúine ó cháin comhchineáil i gcomhthéacs íobairt tuarastail, is é sin, nuair a chomhaontaíonn fostaí déanamh d'uireasa nó dul gan cuid dá thuarastal/tuarastal in ionad an fostóir pas taistil a sholáthar. Ní íocfaidh an fostaí cáin nó ÁSPC ar an luach saothair a chailleann sé/sí.

D'fhonn críche na Scéime Pas Taistil, is ionann aon tagairt d'fhostóir sa chiorclán seo agus tagairt dhíreach don Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar phámháistir. Is ionann aon tagairt d'fhostaí agus múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta aonair bunoideachais nó dara leibhéal.

### 2. Tús na scéime 2009

Beidh feidhm le scéim 2009 do mhúinteoirí/cúntóirí riachtanas speisialta (cúntóirí/CRS) bunoideachais agus dara leibhéal an 1 Eanáir 2009.

### 3. Riachtanais na scéime

Beidh íobairt tuarastail ag fostaí in ionad fostóir pas taistil a sholáthar inghlactha as na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh éifeachtachta do chríocha cánach faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Caithfear athrú bona fide agus infheidhme a bheith ar théarmaí agus ar choinníollacha na fostaíochta, i.e. rogha sochair a fheidhmiú seachas tuarastal;
- Ní fhéadfaidh an t-athrú a bheith siarghabhálach agus caithfear fianaise i scríbhinn a bheith ann;
- Ní fhéadfaidh aon teidlíocht a bheith ann chun sochar a mhalartú go dtí airgead tirim;
- Ní fhéadfar an rogha a fheidhmítear (sochar seachas airgead tirim) a dhéanamh níos minicí ná uair amháin sa bhliain agus sin le toiliú an fhostóra amháin

## 4. Sochair don Fhostaí agus don Fhostóir

De bharr go dtagann an sochar neamh-incháinithe in áit an tuarastail a bhí ann cheana, ní bheidh cáin nó ÁSPC dlite ó fhostaí ar chostas an phas taistil a sholáthraíonn an fostóir.

Beidh an Scéim Pas Taistil mar thaca do pholasaí an Rialtais ó thaobh úsáid níos leithne a bhaint as iompar poiblí

## 5. Iarratas ar Phas Taistil

Beidh ar mhúinteoirí/CRS ar mian leo leas a bhaint as an bpas taistil:

- Foirm Iarratais (Aguisín 1) a léiríonn na roghanna do na ticéid bliantúla atá á soláthar ag na soláthróirí iompair a chomhlánú, agus
- Foirm Údaraithe a shíniú agus iad féin a chur ar an eolas maidir leis na coinníollacha a bheidh ag rialú na scéime (Aguisín 2).

Is féidir na foirmeacha sin a íoschóipeáil go díreach ó láithreán gréasáin na Roinne, a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an seoladh atá tugtha.

Nuair a gheobhaidh an Roinn na Foirmeacha Iarratais agus na Foirmeacha Údaraithe comhlánaithe, cuirfidh sí ordú faoi choimirce na soláthróirí iompair chun pasanna bliantúla a eisiúint i ndáil le múinteoirí/CRS a roghnaíonn glacadh leis an scéim. Eiseoidh an Roinn an pas chuig gach múinteoir/CRS ansin.

**Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go n-eisítear an pas taistil chuig an iarratasóir trí phost cláraithe. Tá sé riachtanach mar sin gurb ionann an seoladh a thugtar ar an bhfoirm iarratais agus an seoladh ag a mbeidh an t-iarratasóir, chun seachadadh a ghlacadh. Níor chóir seoladh scoile a úsáid chun na críche sin.**

**<u>Iarratasóirí don chéad uair</u>** nach bhfuil cárta Grianghraf Aitheantais acu cheana féin don chomhlacht iompair bainteach, ní mór dóibh ceann a fháil.

Is féidir Grianghraf Aitheantais Iarnród Éireann a fháil trí grianghraf digiteach nó grianghraf pas a chur faoi bhráid, i dteannta le d'fhoirm iarratais. Is é an modh roghnaithe ná grianghraf digiteach ar dhlúthdhiosca.

Níl Grianghraf Aitheantais Luas bailí ach amháin nuair atá sé sínithe agus grianghraf greamaithe leis. Tá sé ar fáil saor in aisce ó Veolia Transport.

Tá Cárta Aitheantais Grianghraf do Dhaoine Fásta ar fáil ó Bhus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uacht, BAC 1. Glacfar grianghraf díot nuair a bhuailfidh tú isteach chuig an oifig. Gearrfar táille €3.00.

## 6. Dáta deiridh d'iarratais a fháil.

**<u>Is é an dáta deiridh d'iarratais a fháil ná Dé hAoine an 7ú Samhain 2008.</u>**
**<u>Cloífear go dian leis an dáta deiridh sin agus ní féidir aon eisceacht a dhéanamh.</u>**

## 7. An tEolas a Scaipeadh

Iarrtar ar údaráis bhainistíochta an t-eolas atá sa Chiorclán seo a chur faoi bhráid na mhúinteoirí/CRS go léir ina gcuid scoileanna. Is féidir rochtain ar an gciorclán seo ar leathanach gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta: www.education.ie

## 8. Ceisteanna

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an gCiorclán a sheoladh ar ríomhphost chuig; TFC@education.gov.ie, no teileafoin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar 090 6483853/090 6483852.

P. Maloney,
Príomhoifigeach.

Deireadh Fómhair 2008

# Aguisín 1

## An Fhoirm Iarratais don Scéim Pas Taistil

**Chuig:** Sceim Pas Taistil
Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Co. na hIarmhí

**Sonraí Pearsanra an Mhúinteora/CRS**

**Ainm:** ____________________________________________

**Seoladh:** ____________________________________________

____________________________________________

**Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go n-eisítear an pas taistil chuig an iarratasóir trí phost cláraithe. Tá sé riachtanach mar sin gurb ionann an seoladh a thugtar ar an bhfoirm iarratais agus an seoladh ag a mbeidh an t-iarratasóir, chun seachadadh a ghlacadh. Níor chóir seoladh scoile a úsáid chun na críche sin.**

**Uimhir Theil.: (Baile)** _______________ **Uimhir Theil.: (Obair)** _______________

**Uimhir Rolla na Scoile:** _______________________

**Uimhir PPS.:** ***(mar atá ar an duillín pá)***

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

**Uimhir an Párolla.:** ***(mar atá ar an duillín pá)***

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## An Rogha idir Ticéid Bhliantúla

**Tá na costais thíos mar a d'fhógair na Soláthróirí Seirbhíse iad an 6ú Deireadh Fómhair 2008**

**Léirigh do rogha le do thoil trí tic a chur leis an mbosca cuí.**

**A. Taisteal Bliantúil ar an mBus** **€980** ☐
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís de chuid Bhus Átha Cliath, lena n-áirítear Nitelink agus Airlink (Níl seirbhísí Farantóireachta ná Turais san áireamh).

**B. Gearrthuras Bliantúil Iarnród Seachtrach** **€1030** ☐
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís ar Iarnród Uirbeach Átha Cliath, ar sheirbhísí Arrow agus ar sheirbhísí DART idir Baile Brigín, Cill Chomghaill, Collchoill agus Maigh Nuad.

**C. Gearrthuras Bliantúil Bus agus Iarnród** **€1190** ☐
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís de chuid Bhus Átha Cliath, lena n-áirítear Nitelink agus Airlink (Níl seirbhísí Farantóireachta ná Turais san áireamh), agus ar sheirbhísí Iarnród Uirbeach Átha Cliath, Arrow agus DART idir Baile Brigín, Cill Chomghaill, Collchoill agus Maigh Nuad.

**D. Taisteal Bliantúil ar Bhus & ar Luas** **€1130** ☐

Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís de chuid Bhus Átha Cliath, lena n-áirítear Nitelink agus Airlink (Níl seirbhísí Farantóireachta ná Turais san áireamh), agus ar sheirbhísí Luas idir Áth an Ghainimh & Faiche Stiabhna agus idir Tamhlacht Agus Stáisiún Uí Chonghaile.

**E. Taisteal Bliantúil ar Iarnród & ar Luas** **€1435** ☐

Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís ar Iarnród Uirbeach Átha Cliath, ar sheirbhísí Arrow agus ar sheirbhísí DART idir Baile Brigín, Cill Chomghaill, Collchoill agus Maigh Nuad Agus ar sheirbhísí Luas idir Áth an Ghainimh & Faiche Stiabhna agus idir Tamhlacht agus Stáisiún Uí Chonghaile.

**F. Ticéad Bliantúil Coimitéara an Dart, Bhus Átha Cliath & an Luas** **€1750** ☐

Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar gach seirbhís ar Iarnród Uirbeach Átha Cliath, ar sheirbhísí Arrow agus ar sheirbhísí DART idir Baile Brigín, Cill Chomghaill, Collchoill agus Maigh Nuad Agus ar sheirbhísí Luas idir Áth an Ghainimh & Faiche Stiabhna agus idir Tamhlacht agus Stáisiún Uí Chonghaile, agus ar sheirbhísí Bhua Átha Cliath, lena n-áirítear Nitelink agus Airlink (níl seirbhísí Farantóireachta na Turais san áireamh).

**G. Comaitéir Bliantúil Iarnród & DART + Seirbhísí Friothálacha NUA** **€1230** ☐

Tairgeann sé taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana ar gach seirbhís DART agus Iarnród Comaitéara idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill, agus Collchoill maraon le seirbhísí friothálacha bus 90/92 agus Luas idir Stáisiún Heuston agus Stáisiún Uí Chonghaile.

**H. Ticéad Bliantúil Iarnród Éireann ó Phointe go Pointe** ☐

Ó: ______________________________Go dtí: _____________________ Méid: _________

(Sonraigh na stáisiúin le do thoil – Braithfidh an praghas ar an achar taistil ó phointe amhain go dtí an pointe eile)

An dteastaíonn nasc Bhus/Luas uait ó Stáisiún Heuston go dtí Lár Na Cathrach? Teastaíonn/Ní theastaíonn

(Beidh forlíonadh de €200 in aghaidh na bliana i gceist don Bhealach Bus 90/92 nó do naisc Luas idir Stáisiún Heuston agus lár na cathrach. Méid: _________

**Iomlán:______**

**Ticéad Iarnród Éireann do Gach Seirbhís** ☐

Méid: _________

An dteastaíonn nasc Bhus/Luas uait ó Stáisiún Heuston go dtí Lár Na Cathrach? Teastaíonn/Ní theastaíonn

(Beidh forlíonadh de €200 in aghaidh na bliana i gceist don Bhealach Bus 90/92 nó do naisc Luas idir Stáisiún Heuston agus lár na cathrach. Méid: _________

**Iomlán:______**

**I. Ticéad Bliantúil Bus Ēireann ó Phointe go Pointe**

Ó: ____________________________Go dtí: ____________________ Méid: ________

(Sonraigh na stáisiúin le do thoil – Braithfidh an praghas ar an achar taistil ó phointe amhain go dtí an pointe eile).

**J. Luas Amháin (roghnaigh 1, 2, 3 nó 4 le do thoil & scríobh do rogha sa bhosca)**

**(1) Ticéad Bliantúil do Líne Ghlas Luas €670**
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ó Áth an Ghainimh go dtí Lár na Cathrach

**(2) Ticéad Bliantúil do Líne Dhearg 4 – Líne Dhearg 2 Luas €630**
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ó Thamhlacht go dtí Stáisiún Heuston

**(3) Ticéad Bliantúil do Líne Dhearg 3 – Líne Lárnach 1 €630**
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ón mBó Dearg go Lár na Cathrach

**(4) Ticéad Bliantúil do Línte Dearga & Glasa Luas €720**
Soláthraíonn sé seo taisteal neamhtheoranta ar an dá líne

**K. Pas Bliantúil eile arna eisiúint ag Soláthróir Iompair Ceadaithe**

Ainm an tsoláthróra:__________________________________________________
(soláthróir iompair ceadaithe)
Ó: ______________________Go dtí: ____________________ Méid: ________

Sonraigh na stáisiúin le do thoil – Braithfidh an praghas ar an achar taistil ó phointe amhain go dtí an pointe eile)

**Roghnaigh cibé ticéad a oireann do do riachtanais le do thoil agus sínigh an Fhoirm Údaraithe thíos tar éis duit coinníollacha na scéime a léamh agus a thuiscint.**

**Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte ná Dé hAoine an 7ú Samhain 2008. Cloífear go dian leis an dáta deiridh sin agus ní féidir aon eisceacht a dhéanamh.**

# Aguisín 2

## An Fhoirm Údaraithe don Scéim Pas

Maidir le Rogha _______ thuas, teastaíonn uaim an costas maidir leis an rogha thuasluaite a íobairt nó a ghéilleadh ó mo thuarastal bunúsach bliantúil ionas go soláthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/Coiste Gairmoideachais an pas taistil bliantúil seo dom. Tuigim go mbeidh an socrú sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse bliana amháin agus go mbeidh an íobairt tuarastail le sonrú i mo dhuillíní pá thar an tréimhse sin. Geallaim leis seo, sa chás go rachaidh mé ar scor, go dtógfaidh mé sos gairme, nó nach bhféadfaí asbhaintí ar feadh 12 mí iomlán a choinneáil ó mo thuarastal, go gcomhaontaím an difríocht iomlán idir costas mo Phas Taistil agus méid na n-asbhaintí a bheadh déanta go dtí sin a aisíoc chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/gCoiste Gairmoideachais.

**Tá na coinníollacha thall léite agam agus aontaím leo.**

**Sínithe:** ________________________

**Dáta:** ________________________

### D'úsáid Oifigiúil Amháin

**Uimhir an Ticéid Eisithe:** ________________________

**Uimhir Chéannachta an Phas Taistil**__________

## Na Coinníollacha a bhaineann leis an Scéim Pas Taistil

1. Caithfidh an múinteoir a bheith fostaithe ar bhonn Buan, ar bhonn Chonradh ar Thréimhse Éiginnte nó ar théarma seasta, nó Páirtaimseartha Rialta ar dháta an iarratais. Caithfidh cúntóirí riachtanas speisilta a bheith fostaithe ina gcáil iánaimsire nó páirtaimseartha ar dháta an iarratais.

2. Beidh ar an múinteoir/ cúntóirí riachtanas speisialta cuid den bhuntuarastal bliantúil a bhíonn aige/aici a thabhairt uaidh/uaithi ionas go soláthróidh an Roinn an pas taistil bliantúil. Beidh an socrú sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse bliana amháin agus beidh an íobairt tuarastail le sonrú i seiceanna pá agus i nduillíní pá an mhúinteora/ cúntóirí riachtanas speisilta thar an tréimhse sin.

3. Sa chás go n-athraíonn múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta scoileanna, (ach go mbeidh sé nó sí fós á íoc go díreach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta nó ag an gCoiste Gairmoideachais cuí), aistreoidh an pas taistil in éineacht leis an múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta sin. Má dhéantar sin ní bheidh aon athruithe ar théarmaí ná ar choinníollacha na scéime. Mar sin féin áfach, má bhaineann múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta leas as saoire gan íoc nó má fhágann an múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta fostaíocht sula mbeidh an tréimhse rannpháirtíochta bliana amháin sa scéim taistil thart, beidh air/uirthi a p(h)as bliantúil a ghéilleadh. Lorgóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aisíoc ansin ón soláthróir iompair don chuid neamhúsáide den phas taistil (is don Roinn agus sin amháin a dhéanfar aisíoc as pas taistil a eiseofar faoin scéim).

   **Nóta Tábhachtach**
   **Tabhair ar aird le do thoil, nach féidir an aisíoc sin a fháil i gcónaí ón soláthróir iompair, agus i gcásanna mar sin beidh ar an bhfostaí costas iomlán an Ticéid Bhliantúil a íoc. Má tharlaíonn sin, beidh ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an fuíoll a bheidh dlite a fháil ón bhfostaí. (féach Ciorclán: Pá 15/04: Beartas agus Gnásanna um dhéileáil le ró-íocaíocht Tuarastail/Liúntas)**

4. **Oibríonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/CGO an scéim seo do mhúinteoirí/cúntóirí riachtanas speisialta ar bhonn rogha bliantúla. Dá réir sin, ní bheidh ar chumas an fhostaí a rannpháirtíocht sa scéim a chur ar ceal sula n-éagann an tréimhse aon bhliana.**

5. Ní ghlacfaidh an Coiste Gairmoideachais dliteanas nó freagracht i gcás pasanna taistil a chailltear nó pasanna taistil nach n-úsáidtear nó i gcás aon ghortuithe a d’fhéadfadh tarlú don fhostaí agus é/í ag úsáid an phas taistil.

6. Má chailleann múinteoir/cúntóirí riachtanas speisialta pas is féidir leis/léi ceann eile a fháil ina áit ach costas in aghaidh na míonna a bheidh fágtha go dtí deireadh na bliana a íoc. Socróidh an soláthróir iompair an costas sin.

7. Ní ghlacann an Coiste Gairmoideachais le haon fhreagracht maidir le fostaithe ag mí-úsáid pasanna taistil agus dearbhaítear go mbeidh gach pas taistil a eisítear de bhua na scéime seo neamhinaistrithe.

8. Baineann an scéim seo le pasanna bus agus iarnróid bliantúla agus sin amháin a eisíonn Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Connex agus soláthróirí iompair cheadaithe eile. Tabharfaidh an Roinn Iompair eolas ar sholáthróirí iompair cheadaithe.

9. Ní bheidh aon tionchar ag an íobairt tuarastail ar ranníocaíochtaí pinsin nó ar shochair pinsin, de réir rialacha na scéime aoisliúntais cuí.

10. Ní bheidh aon tionchar ag an íobairt tuarastail ar liúntais a ríomhtar de ghnáth mar chéatadán den bhunphá.

11. Beidh múinteoirí/cúntóirí riachtanas speisialta a bheidh rannpháirteach sa scéim san áireamh ar feadh bliana amháin. Beidh iarratas nua ag teastáil i ndáil le gach bliain a bheidh duine rannpháirteach ina dhiaidh sin.

12. Tá an t-alt atá foilsithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ar díolúine ó cháin sochair chomhchineála na Scéime Pas Taistil ar fáil mar thagairt ón Roinn Airgeadais.

13. Eisítear an pas taistil chuig an iarratasóir trí phost cláraithe agus ba chóir gur ionann an seoladh a thugtar ar an bhfoirm iarratais agus an seoladh ina mbeidh an t-iarratasóir, chun seachadadh a ghlacadh. Níor chóir seoladh scoile a úsáid chun na críche sin.